# Doiciméad Treorach Cheistneoir Phrótacal Herbert

Is doiciméad é an Ceistneoir Phrótacal Herbert a chuireann teaghlach, cúramóirí, nó an duine féin i gcrích chun é a sholáthar don Gharda Síochána agus eolas tábhachtach ann faoi dhuine leochaileach chun cabhrú i gcúrsa cuardaigh má tá an duine sin ar iarraidh.

**I gcás éigeandála, cuir glaoch ar 112 ar an bpointe agus iarr ar an nGarda Síochána.**

**An chaoi a n-oibríonn an Ceistneoir Phrótacal Herbert:**

1. **Cuir an Ceistneoir i gcrích:**
   Trí úsáid á baint as an doiciméad treorach seo, cuir an Ceistneoir Phrótacal Herbert i gcrích leis an oiread
   eolais agus is féidir faoin duine a mbaineann sé leis.

2. **Coinnigh an Ceistneoir:**
   Coimeád an Ceistneoir in áit shábháilte ina féidir leat é a aimsiú go sciobtha agus é ag teastáil uait.

3. **Soláthair an Ceistneoir:**
   Soláthair an Ceistneoir don Gharda Síochána agus tuairisciú á dhéanamh ar an duine leochaileach atá ar iarraidh.

## Ceistneoir Phrótacal Herbert - Doiciméad Treorach

**Tá 27 gcuid sa Cheistneoir Phrótacal Herbert, ar cheart iad a chur i gcrích agus úsáid á baint as an treoir thíos.**

### SONRAÍ TEAGMHÁLA PEARSANTA

| | |
|---|---|
| 1 | Sonraí ar an gcéadainm i.e. Céadainm(neacha) agus Leasainmneacha |
| 2 | Soláthair an t-ainm a bhfreagraíonn an duine leis má tá sé difriúil óna gcéadainm. |
| 3 | Sonraí ar an seoladh agus an éirchód atá aige/aici faoi láthair, agus cé chomh fada is a bhfuil cónaí air/uirthi ann. |
| 4 | Sonraí ar dháta Breithe i bhformáid LÁ/MÍ/BLIAIN |
| 5 | Soláthair na teangacha a labhraíonn sé/sí, teanga dhúchais, nó mura bhfuil siad in ann labhairt |
| 6 | Soláthair uimhir agus soláthróir fóin póca má tá siad ar eolas agat. |
| 7 | Liostáil aon rianaire GPS a d'fhéadfadh a bheith ag an duine seo, amhail uaireadóir cliste, fón póca bráisléid GPS, nó fiú áis éisteachta a bhfuil rianú aici. |

### SONRAÍ AR CHUMA FHISICIÚIL

| | |
|---|---|
| 8 | Inscne an duine. |
| 9 | Meáchan an duine.<br>Mura bhfuil siad ar eolas agat, soláthair sonraí chruth an duine m.sh. ard, beag, tanaí |
| 10 | Airde an duine. |
| 11 | Dath súile an duine.<br>Cuir síos é má bhíonn spéaclaí á gcaitheamh aige/aici. |
| 12 | Dath gruaige an duine, agus má bhíonn peiriúic nó píosa gruaige á chaitheamh aige/aici. |
| 13 | Sonraí ar dhath craicinn, snua. |
| 14 | Soláthair sonraí ar **ghnéithe aitheanta fisiciúla nó físeacha** amhail comharthaí cille, tatúnna, marcanna, clúmh aghaidhe. |

### SONRAÍ LEIGHIS

| | |
|---|---|
| 15 | Sonraí ar choinníollacha leighis agus cógais atá ar eolas agat. |
| 16 | **Teachtaireacht i mBuidéal (MIAB)** soláthraítear rochtain thapa do sheirbhísí éigeandála ar shonraí criticiúla pearsanta agus leighis. Áirítear leis an bpacáiste coimeádán plaisteach agus foirm ina liostáiltear eolas leighis amhail ailléirgí, agus cógais, chomh maith le teagmhálaithe éigeandála. Coinnítear an coimeádán i gcuisneoir.<br>• Má tá **MIAB**in úsáid ag an duine, cuir cóip leis an gCeistneoir Phrótacal Herbert.<br>• Má tá córas Foláirimh eile in úsáid ag an duine seo i dtaca le cógas, cuir cóip leis an bPrótacal Herbert. (Is féidir leis seo a bheith san áireamh in 'Eolas Breise') |

| | |
|---|---|
| 17 | Níl sna siomptóim atá liostaithe ach na cinn a d'fhéadfadh le duine a fháil. Cuir tic leis na cinn a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don duine nó soláthair siomptóim a |
| 18 | An bhfuil deacrachtaí cumarsáide ag an duine, nó an bhfuil deacrachtaí aige/aici maidir le<br>hiad féin a chur in iúl nó daoine eile a thuiscint,<br>Conas atá meon an duine seo, an féidir leis/léi a bheith foréigneach nó trodach? (go fisiciúil<br>nó ó bhéal)<br>An bhfuil aon rud a chabhraíonn leis/léi féinrialú a dhéanamh air/uirthi agus a bheith socair arís?<br>An bhfuil lagú fisiciúil aige/aici, conas atá breithiúnas agus cinnteoireacht an duine seo?<br>An mbíonn scaoll ar an duine seo má tá sé/sí ar iarraidh nó má labhraíonn strainséir leis/léi? |

TAISTEAL AGUS SUÍOMHANNA BAINTEACHA

| | |
|---|---|
| 19 | Soláthair sonraí ar fheithicil ar féidir leis an duine seo rochtain a bheith aige/aici uirthi; déanamh, múnla, clárúchán, dath. Nó má úsáideann an duine gnáthrothar nó aon |
| 20 | Soláthair sonraí ar phasanna taistil, an modh iompair a mbaineann sé/sí úsáid as de ghnáth, (Bus, Traein, Luas srl.) agus sonraí ar an mbealach a d'fhéadfadh leis/léi a |
| 21 | Ba cheart go n-áirítear leis na sonraí na háiteanna a dtaitníonn leis an duine cuairt a thabhairt orthu, m.sh. ionaid chúram lae, eaglaisí / ionaid adhartha. Áiteanna a bhfuil seintimint mhothúchánach ag baint leo m.sh. bealach siúlóide ar leith, nó |
| 22 | Sonraí ar áiseanna siúil nó soghluaisteachta. |
| 23 | Conas a mhothaíonn an duine seo faoi strainséirí? M.sh. Faitíos, strus, ionsaitheach, |
| 24 | An raibh an duine ar iarraidh roimhe seo?<br>Má bhí, soláthair sonraí ar an áit ina n-aimsíodh an duine, cé chomh fada is a bhí sé/sí ar iarraidh. |
| 25 | Soláthair sonraí ar sheoltaí baile a bhí aige/aici roimhe seo. |
| 26 | Soláthair gach rud atá ar eolas agat maidir le seoltaí d'ionaid oibre a bhí aige/aici |
| 27 | **Cuir aon eolas breise a d'fhéadfadh a bheith cabhrach san áireamh.**<br><br>An bhfuil aon phlean atá le teacht a bhfuil ar eolas aige/aici i.e. saoire teaghlaigh nó imeacht?<br><br>An bhfuil aon eagraíocht/chomharsa/duine áitiúil/sheirbhís ar féidir leis an duine seo triail a bhaint as iad a aimsiú nó plé a bheith aige/aici leo i.e. seirbhís thacsaí áitiúil a chabhraíonn le cuairteanna ar leith? |

<u>Treoir má théann an duine seo ar iarraidh.</u>

- Má tá an duine seo a bhaineann leis an gceistneoir ar iarraidh, déan cuardach tapa ar an teach agus an áit mhórthimpeall m.sh. gairdín, seid, srl.
- Mura bhfuil tú in ann iad a aimsiú, **cuir glaoch ar 112 go práinneach** – Iarr ar an nGarda Síochána
- Abair leis an nGarda Síochána go bhfuil Ceistneoir Phrótacal Herbert réidh agat.
- Soláthair an Ceistneoir Phrótacal Herbert don Gharda Síochána chomh luath agus is féidir.